

❖ An Lúibín ❖

25 Eanáir 2025

Áine Ní Ghlinn

The writer and poet Áine Ní Ghlinn (shortly to come to Australia) is especially noted for her children's books.

Tá Áine Ní Ghlinn, scríbhneoir, file agus iriseoir, chun cuairt a thabhairt ar an Astráil i Mí Aibreáin. Tá clú ar leith uirthi as na leabhair a scríobh sí i nGaeilge do leanaí agus do dhéagóirí, leabhair a raibh gá lena leithéidí riamh chun spéis na glúine óige sa teanga a spreagadh agus a chothú.

I gContae Thiobraid Árann a rugadh í, agus d'fhás sí aníos i gCrois an Ghúlaigh. Bhí roinnt Gaeilge le cloisteáil sa bhaile: bhí Gaeilge Chonamara ag a hathair agus sealanna caite thiar aige ina óige.

Duine an-oilte í. Clochar na Toirbhirte i nDurlas Éile, Coláiste Ollscoile Átha Cliath (áit a bhfuair sí céim i nGaeilge agus i mBéarla), ansin Ard-Diplóma san Oideachas agus tamall caite aici ina múinteoir meánscoile. Seal i Sasana ina dhiaidh sin: Diplóma san Iriseoireacht aici ón London School of Journalism, agus céim MA sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach ó Ollscoil Lancaster. Í ina cónaí i mBaile Átha Cliath anois.

Í ag scríobh do Raidió na Gaeltachta, RTÉ, agus Ros na Rún, ag múineadh scríbhneoireachta agus ag reáchtáil ceardlanna do mhúinteoirí.

Lasmuigh dá cuid leabhair do dhaoine óga, tá sé chnuasach filíochta foilsithe aici ó 1984 go dtí 2021. Fágann sin a lán leabhar do pháistí agus do dhéagóirí, idir phrós agus fhilíocht, agus dhá dhráma do pháistí. Féach:

<https://thelanguagequestion.com/episode-14-lifting-the-invisibility-cloak-a-conversation-with-aine-ni-ghlinn/>



Pádraig Ó Snodaigh

The death of a writer, language activist and publisher.

Tá neart daoine (agus mé féin ina measc) faoi chomaoin ag Pádraig Ó Snodaigh, foilsitheoir agus scríbhneoir a fuair bás an mhí seo. Bhí Pádraig ar sheanóirí na Gaeilge agus é ina ghníomhaí teanga le fada an lá. D'fhoilsigh sé filíocht, úrscéalta agus aistí staire, agus ba liosta lena áireamh na saothair go léir a tháinig óna pheann i nGaeilge agus i mBéarla. (Féach https://ga.wikipedia.org/wiki/P%C3%A1draig_%C3%93_Snodaigh#Saol.)

Rugadh Pádraig in 1935. Bhunaigh sé an comhlacht foilsitheoireachta Coiscéim in 1980 agus beagnach 1,500 leabhar curtha i gcló acu ó shin, idir úrscéalta, chnuasaigh gearrscéalta, fhilíocht, dhrámaí, agus aistí. Eagnaí den seandéanamh ba ea é agus b'fhearr leis litir a chur chugat tríd an phost ná feidhm a bhaint as gaireas leictreonach; fuair mise cúpla litir uaidh ar an dóigh sin.

Bhí Pádraig pósta leis an ealaíontóir Cliodhna Cussen agus bhí seisear mac acu, daoine a d'fhág a rian féin ar shaol na Gaeilge. Bhí duine acu, Feargus, ag obair le Pádraig i ngnó na foilsitheoireachta.

D'fhoilsigh Pádraig dhá chnuasach filíochta liom. Suaimhneas dó.

CR



Gaeilge na Síneach

Irish speakers can come from anywhere.

Anois agus arís tagaimid trasna ar dhaoine nach de shliocht Éireannach iad ach a chuir rompu máistreacht a fháil ar an nGaeilge. Tá a leithéidí le fáil i measc na Síneach féin.

Léachtóir agus ollamh cúnta i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis in UCD is ea Qiu Fangzhe (a dtugtar Fangzhe Qiu air i saol an Bhéarla). É ina chónaí in Éirinn ó 2011 i leith. Antraipeolaí teangeolaíoch agus léachtóir cúnta i gColáiste na Tríonóide is ea a bhean chéile Peng Lijing agus í ina cónaí in Éirinn ó 2008 i leith. Tá Gaeilge acu beirt agus mac acu a cuireadh ar ghaelscoil. Chuir siad isteach ar shaoránacht in 2020 ach thug an Roinn Dlí agus Cirt na cáipéisí ar ais dóibh toisc go raibh an fhoirm iarratais i nGaeilge. Dúradh leo iarratas eile a dhéanamh i mBéarla, agus thóg siad raic. Ansin fuair siad ríomhphost i nGaeilge ó fheidhmeannach de chuid na Roinne ag gabháil leithscéil agus á rá leo go raibh cead acu iarratas a chur isteach i nGaeilge. Is dócha nach le míoscáil ar fad a rinneadh an chéad chinneadh (bhí an fhoirm Ghaeilge á hathchóiriú ag an am) ach léiríonn an scéal rud éigin faoi fhíorstádas na teanga.

Tá Qiu le cloisteáil anseo agus é ag cur síos ar leacht chuimhneacháin Osborne Bergin in 2024, a bhuíochas sin ar Raidió na Life.

https://soundcloud.com/rnl/leacht-chuimhneachain-osborn-bergin-2024-fangzhe-qiu?utm_source=clipboard&utm_campaign=wtshare&utm_medium=widget&utm_content=https%253A%252F%252Fsoundcloud.com%252F%252Frnl%252Fleacht-chuimhneachain-osborn-bergin-2024-fangzhe-qiu



Scéal Philib an Chleite (agus é á insint ag Pádraig de Breit, 1928)


A traditional story in Irish from Waterford.

In 1928 thaifead an béaloideasáí Wilhelm Doegen guth Phádraig de Breit agus é ag insint scéal Philib an Chleite i gcanúint Phort Láirge.

Rugadh Pádraig de Breit i bPort Láirge timpeall 1850 agus chaith blianta i gcathair Phort Láirge, ag obair ar an iarnród. Bhí dlúthbhaint aige le Conradh na Gaeilge i bPort Láirge, agus toghadh é ar an gcéad choiste bainistíochta de Choláiste na Rinne i 1909. Toghadh é ina bhardsach i gcathair Phort Láirge timpeall 1920, agus fuair sé bás in 1932. Bhí sé pósta ach níor mhair ach ceathrar clainne as seacht bpáiste dhéag. Foilsíodh cuid filíochta leis ar an *Journal of the Irish Folk Song Society* (vol. 12), *An Claidheamh Soluis* (17 Meán Fómhair 1910) agus ar *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1917). Tá breis eolais le fáil anseo: <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=419>.

Tá leagan Doegen den scéal le fáil anseo: https://www.doegen.ie/LA_1059d1. Sampla an-suimiúil de Ghaeilge Phort Láirge é. Rinne duine a bhfuil 'An Ghaeilge' air mar ainm cleite ar YouTube leagan den scéal le fuaim níos soiléire, in éineacht le téacs i nGaeilge agus i mBéarla:

<https://www.youtube.com/watch?v=pMUtDUKgkg>



Wikimedia Commons

Annála Ríochta Éireann: 1525

Ireland 500 years ago as described in the Annals of the Four Masters.

Seo thíos Éire na n-uaisle mar a bhí sí in 1525, de réir Annála Ríochta Éireann. Tugann na nótaí léargas ar an timpeallacht shóisialta agus pholaitiúil. Rinneadh athchóiriú éigin ar litriú na n-iontrálacha.

Léiríonn an chéad iontráil i gcomhair na bliana 1525 (1525.1) conas a bhí an dá shaol – saol eaglaiseach agus saol tuata – nasctha le chéile agus ag dul i bhfeidhm ar a chéile, gan ceachtar acu slán ón lámh láidir. Ní fios cén fáth ar maraíodh easpag Leithghlinne ach is léir gur fhág a iompar féin nó meon a mhuintire i mbaol é, rud ab fhurasta titim amach an uair úd. Mac an Aba agus a chóisir a rinne an gníomh, ach bhí an t-easpag faoi choimirce Iarla Chill Dara, agus imríodh díoltas ar Mhac an Aba dá réir. Logainm Ultach Leathghleann agus é le fáil ina lán contaethe. Cuid suntais é an t-ainm Mac an Aba féin agus léiriú ann ar an nós a bhí ag eaglaisigh clann a bheith acu, nós a ceadaíodh sa saol Gaelach, beag beann ar dhlí na hEaglaise féin.

1525.1

Gníomh urghrána adhfhuafar do dhéanamh an bhliain seo .i. easpag Leithghlinne arna mharbhadh i meabhal le Mac an Aba Mhic Murchadha, agus é ina chaoifeacht maille le grá agus le carthanacht, agus an drong ar a rug Iarla Chill Dara de lucht déanta an mhíghnámh sin d'fhorchongair [d'ordaigh] a mbreith gusan maighin inar mharáíodar an t-easpag, agus a bhfeannadh beo ar dtús, a n-abaiigh agus a n-ionathair do bhaint astu, agus a loscadh ina bhfianaise.

Bás Easpag Chill Dalua a luaitear anseo, ach ní léir ón iontráil (1525.2) cén áit atá i gceist, ós logainm í Cill Dalua atá le fáil ina lán contaethe.

1525.2

Toirealach mac Mathúna, mhic Thoirealaigh, mhic Bhriain Catha in Aonaigh Uí Bhriain, easpag Chill Dalua d'éag.

Bás eaglaisigh eile a luaitear thíos (1525.3), agus is díol spéise é go raibh teach aíonna coiteann aige, rud a bhí seanfhréamhaithe i ndúchas na nGael agus é le fáil sna seanscéalta.

1525.3

An déagánach mac Bhriain Rua Mhic Con Midhe, fear tí aíonna coitinn, d'éag.

Mar a dúradh sa chéad iontráil, ba mhinic an lámh láidir á himirt sa seansaol agus tiarnaí ag dul i ngleic le chéile. San iontráil thíos (1525.4) feictear beirt de na tiarnaí ba chumhachtaí, Ó Néill agus Ó Domhnaill, ag teacht le chéile i mBaile Átha Cliath chun comhréiteach a dhéanamh. Bhí uaisle de chuid na nGael agus na nGall ag cur comhairle orthu, agus fear an Rí féin (Gearóid Óg, Iarla Chill Dara) ar lorg síochána. Ba dhream Gaelaithe na Gaill chéanna faoin am seo agus is léir go raibh an-bhaint ag Gaeil agus ag Gaill lena chéile faoin am seo. Theip ar na caibidlí agus chuaigh Ó Domhnaill amach ag creachadh: tá sé le tuiscint gur bh iad an chosmhuintir ba mhó a bhí thíos leis, mar ba ghnáth. Rinneadh comhréiteach i dtús an fhómhair agus deireadh ag teacht le séasúr na creachadóireachta.

1525.4

Comhchruinniú fhir Éireann go haon bhaile i nÁth Cliath leis an nGiúistís Iarla Chill Dara (Gearóid Óg mac Gearóid) dú [áit] ina dtángadar iarlaí agus barúin, ridirí, agus ródhaoine, agus formhór Gael agus Gall Éireann archena. Do chuaigh tra Ó Neill Conn mac Cuinn, agus Ó Domhnaill, Aodh mac Aodha Rua do cheangal a gcor agus d'athdhaingniú a síthe i bhfianaise an Ghiúistís, iar dtagra agus iar n-aighneas gach caingne do bhí eatarthu riamh go sin dóibh féin agus dá gcairdibh Gall agus Gael, níor féadadh a síothú leis an nGiúistís ná leis na maithibh archeana, go dtángadar faoi eisith dá dtighibh gur fhás an cogadh céanna eatarthu arís. Do chuaigh tra Ó Domhnaill faoi dhó i dTír Eoghain an bhliain seo gur loisceadh agus gur léir-ionradh gach aird inar ghabh don tír uile leis, agus ní bhfuair tachar no teagmháil leis ag dul nó ag teacht aon fheacht díobh sin. Do rinneadh síth iaramh eatarthu i dtús an fhómhair do shonradh gur ghealladar tairiseamh ar gach taoibh feibh [de réir] a déarfadh an Giúistís agus Mánas Ó Domhnaill.

Ní hannamh a bhí nimh san fheoil ag daoine den mhuintir chéanna dá chéile agus na fir, mar shampla, in iomaíocht le chéile chun ceannaireacht a bhaint amach. San iontráil thíos (1525.5) fágadh Seán Ó Catháin i gcosair chró.

1525.5

Ó Catháin .i. Seán mac Tomáis do mharbhadh le dream dá chine féin .i. mac Ruaidhrí an Rúta Uí Chatháin, agus mac Ghofraí Uí Chatháin, & c.

Sna trí iontráil a leanas (1525.6, 1525.7 agus 1525.8) feicimid trí fhógra báis do mhná. Is gann an t-eolas a thugtar orthu, ach tuiptear gur de shliocht uasal iad agus gur phós siad dá réir.

1525.6

Catairiona iníon Uí Dhuibhgheannáin d'éag, 9 Iún, agus a hadhnacal go honórach i Mainistir Dhún na nGall.

1525.7

Róis iníon Mhic Uidhir (Seán) d'éag.

1525.8

Siobhán iníon Mhic Mathúna (Brian) d'éag.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó rianach965@gmail.com.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or rianach965@gmail.com.

Dán agus prósdán le Julie Breathnach-Banwait. Ceithre leabhar léi i gcló: *Dánta Póca* (Coiscéim 2020), *Ar Thóir Gach Ní* (Coiscéim 2022), *Cnámha Scoilte - Split Bones: Cnuasach Prós-Fhilíochta - A Collection of Prose Poetry* (Bobtail Books 2023), *Ó Chréanna Eile / From Other Earths* (Bobtail Books 2024, le Colin Ryan).

Cur i gcéill

Nuair a screadann an Jacaranda
a dhathanna trasna a ghéaga

gach bláth gach tom lag ar lár ina scáil
is titeann gach crann roimhe á adhradh

glóire a chomhail chorera
udarás a sheasamh mar choirnéal stóchúil

a shotalacht ag sárú gach geall buaite
a ghuth garg ag leagan amach

go dtiteann a chochall chun talaimh
is go bhfeictear go bhfuil

a chnámharlach craptha
chomh briosc leis an bhféar

Nipaluna – maidin i mí an Mheithimh

Tithe i ngreim ar na haille is na cnocáin, botháin bheaga i bhfolach i measc pluid crainnte guma, clúmhach is feoite ina ngéag. Fiacaíl an fhuachta ag slisní is ag gearradh na bplucaí leis ar m'éadan. Cnocáin de mhaoláin lúbtha is aird chorcra, tite, á ngrianadh féin ar an léaslíne, bolg le teas, á gceangal féin trasna na cathrach mar chumhdach. Suíonn Kunanyi ag leaireacht mar a bheadh Rí, fathach cluasleathrach, ag gliúcadh trasna os cionn an Derwent. A leiceann mín, gearrtha sleamhain, a smig cuimilte le gallúnach, réidh, ag leagan amach is ag bogadh do shaol na bhfir bána, ag socrú is ag éileamh. Dúisíonn sé ag méanfach os cionn chathair Nipaluna, ag doirteadh amach anáil an bhreithiúnais ar na rúin bhréana a chumhdaíonn an chathair seo. Na sléachtanna ciúin feicthe, na laochra slite is na cogáí cloiste. Cumhdaíonn sé na huaigheanna, na tuamaí fola is cnámha a dhaoine, ag gobadh amach is ag doirteadh as a chuid taobhanna creagacha, ag sileadh trína chuid crainnte, i ngreim ar a chraiceann cosantach. Tríd na gleannta is na clasáin, na gabhláin is na cuasa atá a smior cuimilte is slíobtha. Tríd na réaltraí a scinneann siad, go deo na ndeor gan síochán ná suaimhneas, gan baile, amú, fágtha ar lár.

Dán le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Amach (dan ina thrí chuid)

1.

Is d'fhág sí an seomra ar rugadh í
ag gabháil amach faoi cheol an aeir
faoi na néalta dainséaracha
is na héin ag foilsíú fáistine
i bhfolús ard na gréine
is í ina hoinseach ag rince
ag fáiltiú roimh ghrásta Dé
roimh chormhéin na cruinne

2.

B'eo an pháirc is an cosán
is í ag féachaint uirthi féin
ag siúl idir bhláthanna
ó óige go haois ag scrúdú
gach a raibh le tréigean
is d'éirigh sí amach ansin
i ngleoiréis an tsaoil mhóir
a haghaidh ar chomhlúadar
neamhbhuan na mbeo

3.

A leithéid seo a stór is a chroí
a dúirt an Bás ag an mbeár:
tiocfaidh mé chugat lá
go séimh nó le lámh láidir
is déanfaidh mé aon rud amháin
dá raibh riamh ann is dá mbeidh feasta:
d'fhág sé a ghloine ina dhiaidh
lán de chrá is de dhiamhair
is dúirt an bhean léi féin
go n-íocfadh sí an téiléireacht